



Scéal San Nioclás

gasuirlegaeilge.wordpress.com

Cóipcheart: L. Morris

Creative Commons

Attribution-

NonCommercial 3.0

Unported License. To view

a copy of this license, visit

<http://creativecommons.org/licenses/by-nc/3.0/>



San Nioclás agus an t-ór

Gentile da Fabriano

Easpag mór ab ea é San Nioclás, a bhí ina chónaí i gcathair bheag ar a dtugtar Myra, sa nGréig, sa gceathrú haois th'éis Chríost. Bhí clú agus cáil air de bharr na dea-oibreacha ar fad a dhéanadh sé. Ar ndóigh, bhí grá ar leith aige do na daoine bochta, agus is minic a dhéanadh sé éacht le cabhrú leo.

Lá amháin, chuala sé faoi sheanfhear bocht a raibh triúr iníon aige. Bhíodar chomh bocht sin nach mbeadh na hiníonacha in ann pósadh. Sna laethanta sin, bhí ar athair na brídeoige airgead a thabhairt leis an iníon le go mbeadh an lanúin nua-phósta in ann feirm bheag a cheannach nó siopa beag a chur ar bun. Gan feirm nó siopa eicínt, ní bheadh an lanúin in ann a mbeatha a shaothrú, agus gheobhaidís bás cheal bia.

Ghlac San Nioclás trua don teaghlach, agus bheartaigh sé cúnamh a thabhairt dóibh. San oíche roimh bhreithlá an ínín is sine, a bhí anois in aois a pósta, chuaigh San Nioclás faoi rún an dorchadais chomh fada leis an teach, dhreap sé balla garbh an tí gur shroich sé an fhuinneog oscailte, agus chaith sé sparán beag de bhoinn óir isteach sa teach.

Nach lúcháir a bhí ar mhuintir an tí nuair a dhúisigh siad ar maidin agus an t-ór a fheiceáil. Go gairid ina dhiaidh sin, pósadh an iníon ar fhear deas cineálta, agus cheannaíodar feirm bheag.



*Fear gléasta mar San Nioclás, an Isiltír
c. Gabby Kooiman, GNU license*

Bhuel, nuair a tháinig an dara hiníon is sine in aois a pósta, théaltaigh San Nioclás chomh fada leis an teach, dhreap sé suas an balla, agus chaith sé sparán lán de bhoinn óir isteach tríd an bhfuinneog. Nach ríméad a bhí ar lán an tí nuair a dhúisigh siad ar maidin agus an t-ór a fheiceáil. Pósadh an iníon sin go gairid ina dhiaidh ar fhear déas cineálta, agus cheannaíodar siopa beag.

Rinne an t-athair síormhachnamh ar na heachtraí seo ar fad, agus, nuair a tháinig an tríú hiníon in aois a pósta, bheartaigh sé breith ar an duine carthanach seo a bhí ag cúnadh lena chlann.

Ar an oíche roimh bhreithlá na hiníne, mhúch an t-athair an coinneal, ach d’fhan sé ina shuí i ndorchadas an tí. I gceartlár na hoíche, tháinig San Nioclás mar ba ghnách leis. Dhreap sé an balla agus chaith sé isteach an sparán. Chomh luath is a chonaic an t-athair an sparán ag eitilt tríd an bhfuinneog, amach an doras leis, agus rug sé ar an easpag óg.

Thosaigh an t-athair ag glacadh buíochas mór leis an naomh, ach d’ardaigh an naomh a lámha leis an seanfhear a stopadh, agus dúirt sé leis go simplí:

“Ní liomsa ar cheart buíochas a ghlacadh, ach le Dia a thuganns gach rud maith. Níl ionamsa ach searbhónta Dé.”

Ón uair sin i leith, bhíodh an t-athair ag moladh Dé, agus San Nioclás. Sa lá atá inniu ann, ar oíche fhéile Nioclás (an séú lá de mhí na Nollag), cuireann gasúir óga ar fud na cruinne a gcuid bróg taobh amuigh dá seomra codlata le dóchas go líonfaidh spiorad San Nioclás na brógaí le cnónna agus le milseáin bheaga.